



TIONSCADAL GEOPHÁIRC

Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair

JOYCE COUNTRY & WESTERN LAKES GEOPARK PROJECT

EISIÚINT:

GEIMHREADH 2021


1

Iarratas ar stádas Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO déanta

GEOPHÁIRC DHÚICHE SHEOIGHEACH & LOCHANNA AN IARTHAIR AR TÍ A N-AISLING A FHÍORÚ

Is é an MÓRSCÉAL atá againn go bhfuil iarratas seolta againn chuig Rúnaíocht Gheopháirc Dhomhanda UNESCO ar stádas Geopháirc Dhomhanda. Is é an doiciméad 50 leathanach, a cuireadh ar fáil ar an 30 Samhain, toradh dhá bhliain d'obair chrua ar an talamh i measc na bpobal agus na ngnóthaí atá lonnaithe inár réigiún geopháirce. Anuas air sin ... is toradh é ar 10 mbliana d'iarrachtaí ollmhóra a bheith á ndéanamh ag oibrithe deonacha, mar aon le hacmhainní maoinithe agus tacaíocht a fuarthas le déanaí ó Thionscadal Éireann 2040 agus na comhpháirtithe comhoibríocha seo a leanas - Suirbhéireacht Gheolaíochta na

hÉireann, Údarás na Gaeltachta, Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae na Gaillimhe, Fáilte Éireann, Coillte, agus an grúpa deonach trasphobail, JCWL GeoEnterprise. Déanfar an t-iarratas a mheas thart ar lár na bliana 2022, agus cuirfear an toradh in iúl thart ar earrach/samhradh 2023. Idir an dá linn, táimid ag feidhmiú mar Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO ar feitheamh, táimid ag tacú le tuilleadh forbartha i réimse na turasóireachta, an ghnó, na fostaíochta agus an oideachais inbhuanaithe. Tá an t-eolas is déanaí le fáil ar www.joycecountrygeopark.ie agus ag @JCWLGeopark.



Nasc leis an gConair Apaláiseach Idirnáisiúnta

FAISNÉIS NUA GEOCHONAIRE AG TEACHT GO MÁM ÉAN AR SHLÍ AN IARTHAIR

Tá Scéim Deontais Geo-Oidhreachtá bronnta ar GeoEnterprise Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair le haghaidh 2021-2022. Úsáidfean an

maoiniú seo atá á cur ar fáil ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann chun geochonair nua a fhorbairt i gceantar Mhám Éan de Shlí an Iarthair a nascann Gleann an Mháma agus Gleann Loch Eidhneach. Cé gur suíomh traidisiúnta oilithreachta é seo agus go bhfuil radhairc iontacha le feiceáil ón áit, tá deis ann freisin sa cheantar seo súil ghéar a chaitheamh ar lomáin carraigeacha meiteamorfacha Dálriadacha (grianchlochít, siosta agus marmar). Anseo tá fianaise le fáil ar fhilleadh agus ar thiontú casta stratam mar aon le sampla den chéad scoth de struchtúr fillteach ag an gcoire nádúrtha ag an mám.

Forbrófar an gheochonair i gcomhpháirt le Fóram Chonamara agus leis an Oifigeach Áineasa



Tuaithe áitiúil, agus is éard a bheidh ann dhá nó trí phainéal agus cuaille eolais, a chuirfidh go mór leis an eispéireas siúil. Beidh an gheochonair nua seo ag croílár na n-iarrachtaí

Slí an Atlantaigh Fhiáin ar fad a chomhtháthú leis an gConair Apaláiseach Idirnáisiúnta (IAT). Tá IAT ag síneadh feadh dhá thaobh an Atlantaigh agus is fianaise é ar na cosúlachtaí idir sliabhraon ársa Caladónach feadh síúlbhealaí. Beidh an gheochonair nua seo curtha i gcrích an samhradh seo chugainn, agus tarraingeofar níos mó airde ar gheolaíocht dá barr, beidh an gheochonair nua ag cur leis an gcomharthaíocht geopháirce thuasluaite, agus neartófar na naisc gheolaíocha le Meiriceá Thuaidh, an Ghraonlainn, Albain agus an Iorua le haghaidh na bpobal áitiúil dá barr. Tá tús díreach curtha le céim Uladh, céim nua de IAT, fianaise ar na féidearthachtaí ar fad a d'fhéadfadh a bheith ag baint lena leithéid de chomhpháirtíocht.



Pobail agus comhairliúcháin san áireamh ag marglanna feirmeoirí

TÁIMID I NDIAIDH SEAL A CHAITHEAMH I MEASC AN PHOBAIL

Ó dheireadh mhí Lúnasa, táimid ag bualadh le agus ag labhairt le beagnach gach pobal inár réigiún geopháirce (agus ní gá dúinn ach bualadh le dornán beag pobal i Ráithe 1 2022). Bhí ag éirí go breá le gach rud ... go dtí go ndeachaigh líon na n-ionfhabhtuithe i méid agus ansin tháinig athraitheach Covid, Omicron, inár dtreo agus b'éigean dúinn dul i muinín na gcruinnithe zoom. D'éirigh linn an t-eolas is déanaí maidir le gníomhaíochtaí na geopháirce a roinnt le gach comhairle contae / coiste pobail agus eolas a bhain go sonrach le hiarratas ar stádas Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO a dhéanamh. Níos tábhachtaí fós, fuaireamar aiseolas maidir leis an méid a bhí á dhéanamh ag bhur bpobail, bhur pleananna agus conas a d'fhéadfadh sibh ar fad tairbhe a bhaint as stádas Geopháirc Dhomhanda. Chomh maith leis sin, bhíomar i láthair ag marglanna in An Teach Dóite agus Baile an Róba agus bhí neart deiseanna againn cúrsaí a phlé le feirmeoirí agus le trádálaithe beostoic. Deis iontach ba ea na cruinnithe níos mó dár bhfógraín A5 maidir le 'céard atá i gceist le/céard nach bhfuil i gceist le/céard a dhéanann/céard nach ndéanann/an mbeidh nó nach mbeidh geopháirc ann riamh' a dháileadh, atá le fáil ar ár suíomh gréasáin freisin anseo .



Rath ar oiliúint na dtreoraithe turas

COHÓRT NUA TREORAITHE OILTE AR FÁIL ANOIS

De réir mar a bheimid ag éirí níos dóchasaí faoi thodhchaí réigiún na geopháirce, tá 17 dtreoraí turas réigiúnacha díreach i ndiaidh a gcuid oiliúna mar threoraithe do cheantar Chonnacht trí chéile a chur i gcrích. Is gearr go bhfaighidh na treoraithe suaitheantais ó Fáilte Éireann, iad siúd a bhfuil an cúrsa atá á mhaoiniú ag Tionscadal na Geopháirce curtha i gcrích acu, a réachtáladh in Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapach na gCapall, cúrsa deimhnithe ag leibhéal 6 QQI. D'fhreastail rannpháirtithe ó gach cuid de réigiún na Geopháirce ar an gcúrsa, daoine atá ag obair san earnáil feirmeoireachta, fáilteachais agus nithe is díol spéise do thurasóirí. Thug daoine

áirithe ar mhaith leo tabhairt faoi ghairm nua faoin gclár oiliúna, daoine ar spéis leo na féidearthachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le stádas Gheopháirc Dhomhanda de chuid UNESCO. D'éirigh le gach oiliúnaí a thug faoi mheasúnú i mí na Nollag. Beidh deiseanna nua á lorg ag go leor de na treoraithe seo sa réigiún geopháirce ón mbliain 2022 ar aghaidh. Beidh deis ag na treoraithe a bheidh ar fáil a n-ainmneacha a liostú ar shuíomh gréasáin na geopháirce. Cuirfidh an acmhainn treoraithe nua seo go mór leis na hacmhainní daonna atá ar fáil chun líon na gcuariteoirí, na bpost agus an ioncaim á mhéadú inár dtírdhreach suimiúil geopháirce.

Oiliúint dár líonraí gnó agus pobal

LÍONRÚ ÉIFEACTACH AGUS ÚSÁID MEÁN AR LÍNE AGUS SÓISIALTA

Le cois cúrsaí oiliúna a chur ar fáil dár dtreoraithe turas réigiúnacha nua, sholáthair an tionscadal geopháirce seo oiliúint thábhachtach scileanna eile i rith 2021. Áiríodh ina measc: i) meáin shóisialta éifeachtacha d'úsáideoirí reatha; ii) difreáil margaidh, crosdíol agus atreoraithe i líonra gnó agus comhoibriú a fheabhsú; iii) barrfheabhsú meán sóisialta agus digiteach;

iv) cúrsa ambasadóir na geopháirce, ionas go mbeidh tuiscint bhunúsach ag daoine de bhunadh na háite ar shuntas oidhreacht gheolaíocht an réigiúin agus ionas go mbeidh ar a gcumas an t-eolas sin a roinnt le cuairteoirí trí scileanna agus uirlisí chun an geopháirc a úsáid le haghaidh margaíochta; agus v) léiriú agus cur chun cinn físeáin.



Líonrú agus roinnt tuairimí - gnéithe ríthábhachtacha i gcomhthéacs geopháirceanna rathúla

FÓRAM GEOPHÁIRCEANNA NA HÉIREANN 2021 & 9Ú COMHDHÁIL IDIRNÁISIÚNTA UGG OILEÁN JEJU

Leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí líonraithe ár bhfoirne geopháirce le déanaí le dé-láithreoirachtaí. Is imeacht bliantúil é Fóram Geopháirceanna na hÉireann, a reáchtáladh ar an 7 Nollaig i mbliana, do Gheopháirceanna Domhanda bunaithe agus poitéinsiúla de chuid UNESCO in Éirinn, thuaidh agus theas, labhairt lena chéile. Is féidir leis an bpobal clárú chun páirt a ghlacadh san imeacht, agus cuireann gach réigiún gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích le bliain anuas nó gníomhartha téamacha sonracha i láthair. I mbliana ba é an tAthru Aeráide: an t-am atá caite, an t-am i láthair agus an todhchaí, an téama. Tarraingíodh aird ar conas a chuireann na geopháirceanna éagsúla fianaise i láthair le haghaidh athru aeráide ina dtaifid charraige agus conas a chuirtear é sin i gcomparáid leis an athru aeráide antropaigineach reatha. Chomh maith leis sin, cuireadh sonraí ar fáil maidir le gníomhartha agus pleananna réigiúnacha maidir le maolú agus oiriúnú don athru aeráide.

Ba é an t-imeacht mór eile a reáchtáladh ar líne i mbliana an 9ú comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Geopháirceanna Domhanda UNESCO (UGG) eagraithe ag UGG Oileán Jeju sa Chóiré Theas. Rinne go leor de na UGGanna bunaithe agus ar feitheamh ar fud an domhain láithreoirachtaí i rith na naoi seisiún eolaíochta. Bhí ár láithreoiracht dírithe ar fhorbairt Gheopháirc Dhomhanda ar feitheamh Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair agus an chuma a d'fhéadfadh a bheith ar chúrsaí amach anseo. Tá 160 UGG bunaithe in 44 tír ar fud an domhain anois.

Agus ar deireadh... Beannachtaí na Nollag agus na hAthbhliana



An t-am seo anuraidh, bhí muid ag súil (nó shíleamar), go mbeadh tús curtha le rolladh amach na vacsaíne agus go mbeadh cuma na maitheasa ar chúrsaí arís agus b'fhéidir fiú go mbeadh deireadh tagtha le ré Covid-19. Ní hamhlaidh atá, ar an drochuair. Ní mór dúinn ar fad a bheith cúramach fós agus aird a thabhairt ar an treoir sláinte poiblí agus úsáid éifeachtach a bhaint as na scéimeanna tacaíochta atá ar fáil. Cé nach mbeidh an Nollaig mar a bhíonn de ghnáth, tá daoine láidir, tá acmhainní iontacha eolaíochta agus teicneolaíochta againn agus éireoidh linn an lámh in uachtar a fháil ar an bpaindéim seo agus ar dhúshlán eile,

athrú aeráide ina measc. Táimid dóchasach, go gcabhróidh iarrachtaí suntasacha an Tionscadail Geopháirce seo i rith 2020-2021 agus pleananna agus gníomhartha ár gcomhpháirtithe amach anseo le teaghlach, pobail agus gnóthaí sa réigiún geopháirce seo oibriú le chéile agus féachaint chun cinn go dearfach. Bí ar an eolas faoi na forbairtí is déanaí trí muid a leanúint ar Facebook, Instagram agus Twitter @JCWLGeopark agus trinár suíomh gréasáin www.joycetrygeoparkproject.ie Agus ar deireadh, is mian linn Nollaig Shona agus Athbhliain faoi Mhaise a ghuí ar gach duine.



Copyright © 2021 Joyce Country & Western Lakes Geopark Project, All rights reserved.

You are receiving this email because you opted in via our community and business communication.

Our mailing address is:

**Joyce Country & Western Lakes Geopark Project
Thuar Mhic Éadaigh, Co. Mayo F12 D990, Ireland**

P: (+353) 094 900 0245

E: info@jcwlgopark.ie

www.joycecountrygeoparkproject.ie | [@JCWLGeopark](https://www.instagram.com/JCWLGeopark)

Want to change how you receive these emails?
You can unsubscribe from this list by return email.